
# Cumann Húicéirí na Gaillimhe
## Leabhrán Eolais



## Clár Ábhair


1. An American Mór
2. An Mhaighdean Mhara
3. An Tónaí
4. An Capall
5. Clíona
6. Mac Duach
7. Mac Dara
8. Naomh Cáilín
9. Morning Star
10. Naomh Crónán
11. Naomh Máirtín
12. Truelight
13. An Hunter
14. An Colmcille
15. An Norah
16. Saint John
17. Star of the West
18. Volunteer
19. Naomh Antaine
20. Bláth na hÓige
21. Anna Jude
22. Naomh Ina
23. Naomh Katherine
24. Naomh Ciarán
25. Maggie
26. Banríon na Bóinne
27. An Bhantra
28. Widgeon
29. Erin's Hope
30. Nóra Bheag
31. Muirín
32. Caroline Anne
33. Ceol na Mara
34. Aisling
35. McHugh
36. Naomh Patrick
37. Naomh Anna
38. Lady Chantal
39. An Easóg
40. An Gréasaí Beag
41. An Ashley



An American Mór — <u>Aicme/Class</u>: Bád Mór

Úinéir/Owner: Dermot Ó Flatharta

Tógadh an American Mór do Mhuintir Sheáin Mhóir Uí Dhomhnaill as Inis Bearachain sa mbliain 1884. 'Sé Maitias Mhicil a' Ghabha Ó Guairim as Roisín an Chalaidh, Carna a thóg í. Bhí seisear nó seachtar úinéirí aici sular cheannaigh Tom Darba í sa mbliain 1984. Bhain sí cáil amach mar gur bhuaigh sí 37 rása as a chéile, rud nár tharla roimhe ná ó shoin. Tar éis bhás Tom cheannaigh a neacht Dermot Darba í agus rinneadh suas as an nua í.

*The American Mór was built for Seán Mór Ó Domhnaill's family from Inis Bearachain in the year 1884. It was built by Maitias Mhicil a' Ghabha Ó Guairim from Roisín an Chalaidh, Carna. She had six or seven owners before Tom Darba bought her in 1984. She achieved some fame by winning 37 successive races, which still stands as a record. After Tom's death his nephew Dermot Darba bought her and she was rebuilt.*



An Mhaighdean Mhara — Aicme/Class: Bád Mór

<u>Úinéir/Owner: Maggie Jimmy Nic Dhonnacha</u>

Tógadh an Mhaighdean Mhara thart ar 1852/83. 'Sé Pádraigín Mhicil Rua Mac Donnacha a thóg í. Ba uncail é Pádraigín Mhicil Rua le Peaitsín John, Máirtín John agus Mike John. Bhíodh siad seo ar fad ag obair inti. Chuaigh an bád go dtí Jimmy Pheaitsín John agus fuair a mhac Johnny Jimmy an bád ansin sa mbliain 1944. Tá an bád ag clann Dhonnacha i gcónaí.

*The Maighdean Mhara was built around 1852/83. It was Pádraigín Mhicil Rua Mac Donnacha who built her. Pádraigín Mhicil Rua Mac Donnacha was an uncle of Peaitsín John, Máirtín John and Mike John, all of whom worked aboard. She then passed on to Jimmy Pheaitsín John and then to his son Johnny Jimmy in 1944. She is still owned by the Mac Donnacha family.*



An Tónaí

Aicme/Class: Bád Mór

Úinéir/Owner; Máirtín Ó Briain

'Sé Patrick Brannelly a thóg an Tónaí. Is do Tony Sheán Mhaolra as Inis Eirc a rinneadh an Tonaí timpeall na bliana 1892. Is í an áit a tógadh an Tónaí ná díreach trasna an bhóthair ó chéibh na Cora Duibhe gar do Dhroichead an Chláirín. Bhíodh Maidhc Ó Briain ag tarraingt mhóna go hÁrainn inti agus is ag a mhac Máirtín atá sí anois.

*The Tónaí was built by Patrick Brannelly for Tony Sheán Mhaolra from Inis Eirc around the year 1892. She was built on a site across the road from Blackweir pier near Clarenbridge. Mike O Brien carried turf to the Aran Islands in her for a number of years and she is now owned by his son Máirtín.*



An Capall

<u>Aicme/Class:</u> Bád Mór

<u>Úinéir/Owner: Baba Bailey</u>

<u>Stair/History:</u>

Tógadh an bád seo thart ar an mbliain 1860 do Tom Báille sa Doirín Glas, Leitir Móir. Ba é Micil a' Ráinne a thóg í. Tá sí sa gclann chéanna ariamh ó shin agus dá bhrí sin is bád eisceachtúil í.

*This boat was built by Michael Reaney for Tom Bailey of Doirín Glas, Leitir Móir around 1860. It is still owned by the same family and is therefore an exceptional boat.*



Clíona Horgan — Úinéir/Owner: Jim Horgan

'Sé Bill Crampton a thóg Clíona na Toinne i gCinn Mhara sa mbliain 1982.
Is í an dara bád a thóg sé, agus is é an MacDara an chéad cheann. Ba é Paddy Marsh an chéad úinéir agus chaith sí tamall ar an gcósta thoir sular cheannaigh Jim Horgan í agus ar thug sé siar arís í.

*Clíona na Toinne was built in Kinvara in 1982 by Bill Crampton. It was the second hooker that he built, the first being the MacDara. The first owner was Paddy Marsh and she spent a number of years on the east coast before being bought by Jim Horgan and brought west again.*



Mac Duach

<u>Aicme/Class:</u> Bád Mór

<u>Úinéir/Owner: Mick Brogan</u>

<u>Stair/History:</u>

Thóg Colm Ó Maoilchíaráin (Maínis) an Mac Duach d'fhear as Baile na Cúirte darb ainm Patsy Kelly. Ní raibh aon bhád inchurtha léi sna geallta ar feadh roinnt blianta. Cheannaigh Mick Brogan ansin í agus réitíodh í le haghaidh cúrsála. Cuireadh crann deiridh uirthi anuraidh agus tá sí rigeáilte anois mar naibí.

*Colm Mulkerrins built the Mac Duach for a man from Ballinacourty called Patsy Kelly. No boat was a match for her during regattas for a number of years. Mick Brogan subsequently bought her and converted her for cruising. She was given a mizzen mast last year and is now rigged as a nobby.*



Mac Dara — Aicme/Class: Bád Mór

Úinéir/Owner: John Beag Ó Flatharta

Thóg Seosamh Ó Ráinne an bád seo sa mbliain 2002 i Leitir Calaidh, Leitir Móir. Cé go bhfuil an t-ainm MacDara uirthi agus gur coinníodh roinnt bheag adhmaid ón seanbhád den ainm céanna a thóg Bill Crampton, is bád nua éagsúil í seo. Tá sí dhá scór troigh ar fhad agus 'sé an caladh baile atá aici ná Foirnis, Leitir Méalláin.

*This boat was built by Joe Reaney in 2002 in Leitir Calaidh, Leitir Móir. Although she is called the MacDara and has a few pieces of timber from the original MacDara built by Bill Crampton, she is quite a different boat to the original. She is 40' in length and is based in Foirnis, Leitir Mealláin.*



Naomh Cáilín
Aicme/Class: Bád Mór

Úinéir/Owner: Stiofán De Bhailís & Seán Ó Dúbháin.

Stair/History:

'Siad Pat Mhicheal Ó Cualáin agus Micheal Steaif Mac Donnchadha a thóg an bád seo sa gCeathrú Rua agus lainseáladh í sa mbliain 2006. Tá inneall inti agus bhuaigh sí an tsraith seoltóireachta do na báid mhóra i 2008.

*This boat was built by Pat Mhicheal Ó Cualáin and Micheal Steaif Mac Donnchadha in Carraroe and she was launched in 2006. She has an inboard engine and she was the winner of the Bád Mór class in the sailing league in 2008.*



Morning Star

Aicme/Class: Bád Mór

Úinéir/Owner: Johnny Healion

Thóg Brannelly an 'Morning Star' i gCinn Mhara sa mbliain 1890. Díoladh an Morning Star sna 1970dí le John Healion i nDún Laoire. Rinne sé go leor oibre ar an seanbhád agus chuir sé seolta nua uirthi. Thug sé siar ar an mbóthar í go Carna le páirt a ghlacadh i bhFéile Mhic Dara sa mbliain 1976 agus deirtear gurb é an gníomh seo a spreag athbheochan na húicéirí.

*The Morning Star was built in Kinvara, probably by Brannelly, in 1890. It was sold to Johhny Healion in the 1970s when she was in Dún Laoire. He rebuilt her and rigged her out and brought her back to Carna for MacDara's day in 1976. This action is thought by many to have been a major stimulus in the revival of the hookers.*



Naomh Crónan

Aicme/Class: Bád Mór

Úinéir/Owner: Pobal Chrónáin

Stair/History:

Lainséaladh an bád seo in Iúil 1997. Tógadh an bád mar chomhfhiontar idir dhaoine a bhí gníomhach in imeachtaí Gaeilge i gCluain Dolcáin, Baile Átha Cliath faoi mhaoirseacht agus phleanáil Joey Murphy, saor báid as An Rinn, Baile Átha Cliath.

*This boat was launched in July 1997. She was built as a co-operative venture by a community involved in Irish language activities in Clondalkin, Dublin under the planning and supervision of Joey Murphy, boatwright of Ringsend, Dublin.*



Naomh Máirtín

Aicme/Class: Bád Mór

Úinéir/Owner: Clann Mhic Lochlainn

Thóg Joey Murphy, saor báid as an Rinn, Baile Átha Cliath and bád seo agus lainseáladh í i 1984. Tógadh ar mhúnla an Truelight í - an bád mór a thóg an Ráinneach i nGaillimh. Tá sí éasca a aithint ón mball atá cuartha aniar uirthi in uachtar agus a caoile chun deiridh.

*This boat was built by Joey Murphy from Ringsend, Dublin and was launched in 1984. It was built on the lines of the Truelight - the Reaney built hooker. It can easily be recognised by her stem which curves back towards the top and her narrow transom.*



Truelight Aicme/Class: Bád Mór

Úinéir/Owner: Emer Joyce & Máirtín Barrett & Pádraic Ó Cualáin

Ba é Seán a' Ráinne a thóg an chéad Truelight gar don Phóirse Caoch i nGaillimh sa mbliain 1920. Ba í an Truelight ceann de na báid a tháinig slán ón stoirm mhór i nDeireadh Fómhair na bliana 1927 nuair a bádh 44 iascairí. Tógadh an bád seo as an seanbhád agus lainseáladh í in Aibreán 2000. Ba é Colm Ó Maoilchiaráin agus Dónal Greene a chruthaigh é.

*The original Truelight was built by John Reaney near the Spanish Arch in Galway in 1920. The Truelight was one of the boats that survived the storm of October 1927 when 44 fishermen were drowned off the west coast This boat kept a few pieces of the original boat and was rebuilt by Colm Mulkerrins and Dónal Greene and launched in April 2000.*



An Hunter — Aicme/Class: Leathbhád

Úinéir/Owner: Pádraig Guairim

Thóg duine de mhuintir Uí Chonghaile an Hunter ar an gCnapach thiar i Leitir Mealláin. Bhí sí tamall ag fear i nGaillimh agus cheannaigh Sasanach darbh ainm Saunders ansin í. Rinne Pádraig Davis atógáil ar an mbád agus bhí sí ar ais ar an bhfarraige san Iúil 1986. Is le Pádraic Guairim an bád seo anois agus tá Seosamh Ó Ráinne ag cur caoi uirthi i Leitir Calaidh.

*One of the Conneely family built the Hunter on Cnapach, an island off Leitir Mealláin. She was owned for a period in Galway and then after her working days were finished was bought by an Englishman by the name of Saunders. Pádraig Davis rebuilt her in Inis Ní and she was back sailing in 1986. This boat is now owned by Pádraic Guairim and is being currently rebuilt by Joe Reaney in Leitir Calaidh.*



An Colmcille — Aicme/Class: Leathbhád

Úinéir/Owner: Frank Cooke

Tógadh an leathbhád seo i Leitreach Ard faoi Scéim na Saortha Báid agus cuireadh ar an bhfarraige í den chéad uair lá Mhic Dara 1997. I dtosach bhí sí ag obair mar bhád traenála agus ansin bhí sí ag an bPléaráca ar feadh tamaill. Is iad Mike Steaif Mac Donnacha agus Pat Mhichael Ó Cualáin a rinne an obair atógála ar an gColmcille.

*This boat was built in Letterard as part of the EU Horizon scheme for training boatwrights and was launched for MacDara's day in 1997. She was initially used as a sail training vessel and was managed by the community group Pléaráca for a period. She was recently rebuilt by Mike Staff Mac Donnacha and Pat Mhichael Ó Cualáin and launched again in May 2009.*



An Norah

<u>Aicme/Class</u>: Leathbhád

<u>Úinéir/Owner: Sean Mac Donnacha</u>

Thóg Pat Mhichael Ó Cualáin agus Mike Steaif Mac Donnchadha an Norah sa mbliain 1999. Tugadh Norah uirthi in ómós do bhean an úinéara. Rinne Seán cinneadh deic agus cábán agus inneall a chur inti mar gur bheartaigh sé í a úsáid le haghaidh traenála.

*Pat Mhichael Ó Cualáin and Mike Steaif Mac Donnchadha built the Norah in 1999. She was called Norah after the owner's wife. Seán decided to deck her in with a cabin and inboard engine as she is used for sail training.*



Saint John <u>Aicme/Class</u>: Leathbhád

<u>Úinéir/Owner: Mícheál Ó Fatharta</u>

Ba é Mick Hunt a cheannaigh an bád seo i Loch Cuan. Tugadh siar go Carna í agus rinneadh suas arís í. Sa bhliain 1989 cheannaigh bean Mheiriceánach í darb ainm Pat Shannon, a bhí ina cónaí i mBaile na hInse in aice le Cloch na Rón. Ansin sa Mheitheamh 1998 díoladh an Saint John le Joe Keane as Cloch na Rón. Tá si anois ag Mícheál Ó Fatharta.

*This boat was bought by Mick Hunt in Strangford Lough and was brought back to Carna to be rebuilt. She was subsequently bought by an American woman called Pat Shannon who lived in Ballinahinch, then by Joe Keane in Roundstone and is now owned by Mícheál Ó Fatharta.*



*Star of the West* *<u>Aicme/Class:</u> Leathbhád*

*Úinéir/Owner: Cian & Bairbre de Buitléar*

'Sé Seán Ó Clochartaigh a thóg na leathbháid "Star of the West", "Volunteer", St. John" agus "Ave Maria". Bádh an "Star of the West sa mbliain 1948 agus roghnaigh Cian an t-ainm seo le cur ar an leathbhád nua mar go raibh na trí bhád eile fós ag seoladh. Is é John Healion a thóg an bád seo i 1993.

*Seán Cloherty built the leathbháid "Star of the West", "Volunteer", St. John" and "Ave Maria". The Star of the West was lost at sea in 1948 and Cian decided to call the new boat by this name as the other three boats were still in commision. This boat was built by John Healion in 1993.*



Volunteer <u>Aicme/Class</u>: Leathbhád

Úinéir/Owner: Páraic John William Seoighe

Ba le Derek Tinne an bád seo, a thóg Seán Ó Clochartaigh i 1924, agus bhíodh sí coinnithe aige i gCloch na Rón ó 1949 ar aghaidh. Díoladh an bád le Padraig Seoighe, Seán Ó Coistealbha agus Pádraig Ó Sabhain tar éis di a bheith tamall maith de bhlianta ina cónaí. Lainseáladh i bPortach Mhaínse í i Lúnasa 2003.

*This boat, built by Seán Cloherty in 1924, was owned for a number of years by Derek Tinne in Roundstone since 1949. It was sold a few years ago to Padraig Seoighe, Seán Ó Coistealbha agus Pádraig Ó Sabhain after being laid up for a number of years. It was relaunched in Maínis in August 2003.*



Naomh Antaine — Aicme/Class: Leathbhád

Úinéir/Owner: Seosamh Ó Ráinne

Thugaidís bád Johnny Mhicil ar an mbád seo. Bád í a thóg an Ráinneach timpeall 1929. Bhí an-cháil uirthi mar bhád seoil agus deirtí dá mbuaileadh bád ar bith bád Johnny go raibh sí ina bád maith. Cheannaigh fear as Meiriceá í seo agus thug sé anonn go Meiriceá í. Chuaigh Joe anonn, cheannaigh sé í, thug anall í agus chuir sé caoi cheart uirthi agus tá sí ina cailín óg arís.

*This boat was called Johnny Mhicil's boat. It was built by Reaney around 1929 and was reputed to be a very good sailing craft and any boat that beat her was very good. It was purchased and shipped to America. Joe went to the USA and bought her, shipped her home, rebuilt her and she is now sailing again.*



Bláth na hÓige — Aicme/Class: Leathbhád

Úinéir/Owner: Padraic Ó Cualáin

Gleoiteog Bhaibín a thugtaí ar an mbád seo fadó. 'Sé Máirtín Ó Cathasaigh a thóg í. Is í a bhí ar chlúdach an chéad eagráin den leabhar "The Galway Hookers" le Dick Scott. Cheannaigh Padraic Ó Cualáin as Crompán Charna í agus chuir sé inneall inti chun a bheith ag iascach ar feadh tamall ach bhain sé aisti an t-inneall chun bád maith seoil a dhéanamh arís di.

*This boat was known in her early years as Gleoiteog Bhaibín. It was built by Máirtín Ó Cathasaigh. She featured on the cover of the first edition of Dick Scott's book "The Galway Hookers". It was bought by Padraic Ó Cualáin from Carna and he fitted an inboard engine for fishing before removing it again to rig her as a sailing boat.*



Anna Jude — Aicme/Class: Gleoiteoga Móra

Úinéir/Owner: Jimmy Ó Céidigh

Stair/History:

Is iad Michael Steaif Mac Donnchadha agus Pat Mhicheal Ó Cualáin a thóg an bád seo a lainseáladh sa mbliain 2007. Is ar mhúnla an Martin Oliver, atá le feiceáil i Musaem Chathair na Gaillimhe, a tógadh í.

*This boat was built by Michael Steaif Mac Donnchadha and Pat Mhicheal Ó Cualáin and it was launched in 2007. It was built on the lines of the Martin Oliver, which was built for the Galway City Museum where she is on display.*



Naomh Ina

Aicme/Class: Gleoiteoga Móra

Úinéir/Owner: Antaine Phat Willie Ó Gríofa

Thóg Seosamh Ó Ráinne (Bheartla Mhicilín), an fear céanna a bhfuil bád Johnny Mhicil (Naomh Antaine) aige, an bád seo roinnt bheag blianta ó shin. Is le Muintir Phat Willie as Tír an Fhia an bád. Is an-bhád seoil í agus agus glacann sí páirt i ngeallta go leor.

*This boat was built a few years ago by Joe Reaney, the same man who owns the Naomh Antaine and who built the Naomh Ciarán and the MacDara. It is owned by the Griffin family in Tír an Fhia and it takes part in many regattas.*



Naomh Katherine

<u>Aicme/Class:</u> Gleoiteoga Móra

<u>Úinéir/Owner: Padraic Barrett</u>

<u>Stair:</u>

Thóg Máirtín Ó Maoláin as Leitir Mealláin an bád seo agus is í an chéad bhád a rinne sé as an nua í. Is do mhuintir Bhairéad i bhFoirnis a thóg sé í. Bád maith seoil atá inti agus bhuaigh sí an tsraith seoltóireachta in 2008.

*This boat was built by Máirtín Mullins in Leitir Mealláin and she was the first boat that he built. It was built for the Barrett family in Foirnis. She is an excellent sailing boat and was the winner of her class in the sailing league in 2008.*



Naomh Ciarán

<u>Aicme/Class</u>: Gleoiteoga Móra

<u>Úinéir/Owner: Tommy Kelly</u>

Tógadh an Naomh Cíarán ar an scéim Horizon de chuid an AE. Thóg Seosamh Ó Ráinne í, an fear céanna a thóg an Naomh Ina. Seo ceann de na chéad bháid a thóg Joe. Bhain sí an-cháil amach mar bhád seoil agus tá an cháil sin fós uirthi. Tá sí ag Tommy Kelly anois as an Máimín.

*The Naomh Ciarán was built as part of the EU Horizon scheme for training boatwrights. It was built under the direction of Joe Reaney, the same man who built the Naomh Ina. This was one of the first boats that he built. She has established a reputation as a good sailing boat and is now owned by Tommy Kelly of An Máimín.*



Maggie

<u>Aicme/Class:</u> Gleoiteoga Móra

<u>Úinéir/Owner: Donncha Mac an Iomaire</u>

An chéad ainm a bhí ar an Maggie nuair a tógadh í ná 'An Chéad Chath' mar gur tógadh í don Chéad Chath in Arm na hÉireann. Is é Pat Davis as Inis Ní a thóg í. Cheannaigh Tomás Mac An Iomaire í agus ba eisean a thug Maggie uirthi.

*The Maggie was originally called An Chéad Chath as she was built for the Irish-speaking Battalion of the Irish Army that is based in Renmore, Galway. It was built by Pat Davis of Inis Ní. It was subsequently bought by Tomás Mac An Iomaire who named her Maggie.*



Banríon na Bóinne

<u>Aicme/Class</u>: Gleoiteoga Móra

<u>Úinéir/Owner: c/o Colm Dubh Ó Méalóid</u>

'Sé Pádraic Ó Conghaile, saor agus suirbhéir báid, as Cor na Rón, Indreabhán, a thóg an bád seo do ghrúpa daoine as Rath Chairn i gContae na Mí. Tugadh anuas í go Conamara agus glacann sí páirt sna geallta.

*Patrick Connolly, marine surveyor and boatwright, from Cor na Rón, Indreabhán, built this boat for a group of people from the Rath Chairn Gaeltacht in County Meath. She was shipped to Connemara where she is now based and takes part in local regattas.*



An Bhrantra

Aicme/Class: Gleoiteoga Móra

Úinéir/Owner: Ruaidhrí Ó Tuairisg/ Donncha Ó hÉallaithe

Thóg Padraic Ó Conghaile, Cor na Rón, Indreabhán an bád seo sa mbliain 2004. Cé gur bád nua í tá roinnt maidí inti as an ngleoiteog mhór a dtugtaí Laoch na Mara uirthi - bád a bhíodh ag Pádraig Mac Lochlainn agus ag Martin Oliver i gCladach na Gaillimhe roimhe sin.

*Patrick Connolly, Cor na Rón, Indreabhán, built this boat in 2004. While she is a new boat, she kept some timbers from the gleoiteog mhór that was called Laoch na Mara - a boat that was owned by Padraic Mac Lochlainn and previously by Martin Oliver in the Claddagh.*



Widgeon

Aicme/Class: Gleoiteoga Móra

Úinéir/Owner: Padraic de Bhaldraithe

Thóg an Ráinneach an bád seo i nGaillimh tuairim is 1931 d'fhear darbh ainm MacFheorais in Oileán Eide. Bhí sí roinnt mhaith blianta ar an gcósta thoir sular tugadh siar go Leitir Mealláin í sa mbliain 1996. Tá sí deiceáilte uilig agus inneall inti agus seol mór atá beag dá bharr sin.

*This boat was built by Reaney in Galway about 1931 for a man by the name of Bermingham in Eddy Island. She was for many years located on the east coast before being purchased in 1996 and brought back west to Lettermullen. She is completely decked and has an inboard engine and her mainsail is relatively small as a result.*



Erin's Hope

Aicme/Class: Gleoiteoga Beaga

Úinéir/Owner: Pat Mhichael Ó Cualáin

Stair/History:

Thóg Pat Mhichael Ó Cualáin an bád seo ar an gCeathrú Rua dó féin sa mbliain 1996. Is bád maith seoil í agus bhuaigh sí an tsraith seoltóireachta ina haicme i 2008.

*This boat was built by the owner Pat Mhichael Ó Cualáin and launched in 1996. She is a competitive boat and won her class in the sailing league in 2008.*



Nóra Bheag

Aicme/Class: Gleoiteoga Beaga

Úinéir/Owner: Cóilín Ó hIarnáin

Ba é Seán Ó Domhnaill a thóg an bád seo thart ar chéad go leith bliain ó shin. Bhí sí ag Bridgie Bhaibín lá den tsaol. Rinne Cóilín í a atógáil agus is í an Nóra Bheag ceann de na báid is réitithe atá le feiceáil thart ag na geallta.

*This boat was built by Seán Ó Domhnaill about one hundred and fifty years ago. It was owned by a woman called Bridgie Bhaibín. Cóilín rebuilt her and she is one of the best maintained and attractive boats at the regattas.*

Muirín

Aicme/Class: Gleoiteoga Beaga

Úinéir/Owner: Jim Horgan

Stair/History:

Tógadh an ghleoiteog seo faoi scéim FÁS sna Forbacha faoi mhaoirseacht Jim Horgan, saor báid as Eochaill. Bád í atá difriúil leis na báid eile agus tá sí an-ghéar amach chun tosaigh.

*This boat was built under a FÁS schme in Na Forbacha under the supervision of Jim Horgan, boatbuilder from Youghal. She is different in some respects to other gleoteoga and has a very fine stem.*



Caroline Anne

Aicme/Class: Gleoiteoga Beaga

Úinéir/Owner: John Deairbe

Bhí Máirtín Ó Cathasaigh agus a mhac Cóilín ag deisiú an bháid mhóir darbh ainm Bád Chonnor thiar i Leitir Móir. Bhí adhmad fanta agus rinne Máirtín bád iomartha as. Cuireadh ar an bhfarraige í ar an 5 Aibreán 1914 agus is í sin anois an ghleoiteog Caroline Anne.

*Máirtín Ó Cathasaigh and his son Cóilín were repairing the bád mór called Bád Chonnor in Lettermore. Máirtín made a bád iomartha with the wood that was left over. She was launched on the 5th April 1914 and she is now the gleoiteog Caroline Anne.*



Ceol na Mara    Aicme: Gleoiteoga Beaga

Úinéir: Aodán Mac Donnacha

Ba é John Bhaba Jack Ó Conaola as Foirnis, Leitir Mealláin an chéad úinéir a bhí ar an mbád seo a thóg Cóilín Mháirtín Chóilín Mac Donnchadha sa gCuileán sna 1980dí. Bhí sí ag muintir Uí Bhriain i gCladhnach ar feadh tamaill agus ansin cheannaigh clann Mháirtín Chóilín ar ais í. Tá sí déanta suas as an nua arís acu.

*John Bhaba Jack Ó Conaola from Lettermullen was the first owner of this boat that was built by Cóilín Mháirtín Chóilín Mac Donnchadha in Carraroe in the 1980s. She was owned by the O'Brien family for a while before being bought back and rebuilt by the Mac Donnchadha family.*



Aisling

Aicme/Class: Gleoiteoga Beaga

Úinéir/Owner: Padraic Ó Flathartha

Stair/History:

Thóg Pat Mhicheal Ó Cualáin an bád seo do Phadraic Ó Flatharta í tuairim is 5 nó 6 de bhlianta ó shin. Thug sé an Aisling uirthi i ndiaidh a iníne.

*This boat was built by Pat Mhichael Ó Cualáin for Patrick Flaherty about 5 or 6 years ago. She was named Aisling after his daughter.*




Mc Hugh

<u>Aicme/Class</u>: Gleoiteoga Beaga

<u>Úinéir/Owner: Máirtín Ó Catháin</u>

<u>Stair/History</u>:

Ba é Padraic Ó Cathasaigh a rinne an bád seo an chéad lá ariamh. 'Sé Colm Ó Maoilchiaráin a réitigh an bád seo go deireanach.

*This boat was originally built by Padraic Ó Cathasaigh. She was most recently restored by Colm Mulkerrins in Maínis.*



Naomh Patrick

<u>Aicme/Class</u>: Gleoiteoga Beaga

<u>Úinéir/Owner: Patrick Johnny Phatch Mac Donnchadha</u>

Seo gleoiteog nua 23" a tógadh sa ngarraí rua i gCalidhneach 1993. Sé Colm Choilín ó Maoilchiaráin, an saor bád cáiliúil as Muighinis, Carna a leag an cíle den ghleoiteog seo i mí na Samhna na bliana sin, le cúnamh ó Phatrick Johnny agus a chlann.

Rith an Naomh Pádraig a céad rása ag Féile Mhic Dara i 1994. Tá buíochas mór ag dul go Thomás Ó Cathain as ucht iasacht seolta a thabhairt don an rása sin.



Naomh Anna

<u>Aicme/Class</u>: Gleoiteoga Beaga

<u>Úinéir/Owner: Seáinín Kelly</u>

Sé Joe Bháitéir Seoighe a rinne an Naomh Anna. Rinne sé do muintir Uí Chonghaile í. Bhíodh sí ag obair acu mar bhád iomartha. Cheannaigh Seán O Ceallaigh í as an Máimín. Tá sí déanta suas as an nua arís aige.

*The Naomh Anna was built by Joe Bháitéir Seoighe for the Connolly family, who worked her as a bád iomartha. She was bought by Seán Kelly from Máimín and has been restored recently.*



Lady Chantal

<u>Aicme/Class</u>: Gleoiteoga Beaga

<u>Úinéir/Owner: Dara Dudley Ó Flathartha</u>

Béal an Daingin, Leitir Móir, Co. na Gaillimhe.

<u>Stair</u>:

Sé Seosamh Ó Ráinne a rinne an Lady Chantal do Dhara Dudley as Béal an Daingin. Ainmníodh an bád seo i ndiaidh a iníne.

*Joe Reaney built the Lady Chantal for Dara Dudley from Béal an Daingin. The boat was named after his daughter.*

An Easóg

<u>Aicme/Class</u>: Gleoiteoga Beaga

<u>Úinéir/Owner</u>: c/o Rúán Kelly

Ba le Máirtín Ó Cinnéide agus Peadar Ó Catháin an bád seo. Cheannaigh fear as Cladhnach darb ainm Petey Rua í ansin agus chuir sé culaith seoil uirthi. Bhí roinnt úinéirí éagsúla uirthi agus tá sí fós ag seoladh sna geallta.

*This boat was owned by Máirtín Ó Cinnéide and Peadar Ó Catháin. It was then bought by Petey Rua from Cladhnach who rigged her for sailing. She has had a number of owners and still participates in the regattas.*



An Gréasaí Beag

<u>Aicme/Class</u>: Gleoiteoga Beaga

<u>Úinéir/Owner:</u> Peter Molloy

Thóg Máirtín Ó Cathasaigh an Gréasaí Beag fadó ariamh. Bád iomartha a bhí inti. Tá sí anois ag fear as Inis Treabhair darb ainm Peadar Ó Maoildhia. Tá Peadar tar éis culaith seoil a chur uirthi agus tá sí ina cailín óg arís.

*This boat was originally built as a bád iomartha by Máirtín Casey. She is now owned by a man from Inis Treabhair and has been restored and rigged for sailing.*



ASHLEY

<u>Aicme/Class:</u> Gleoiteog Bheag

<u>Úinéir/Owner:</u>

Thóg Seán O' Domhnaill an bád iomartha seo a bhfuil an t-ainm Ashley uirthi sa mbliain 1934. Is ag muintir Mhic Dhonnchadha ar an Sruthán sa gCeathrú Rua atá sí agus tá sé réitithe amach le haghaidh seolta ó 1995.

*Seán O' Domhnaill built this bád iomartha called Ashley in 1934. She's owned by the Mac Donnchadha family in Sruthán in Carraroe and she has benn restored and rigged for sailing since 1995.*

**An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta**
*Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs*

Tel: (091) 503704 Fax: (091) 503750

Na Forbacha, Gaillimh

E-mail: gaeltachtnaforbacha@pobail.ie

MoreNet Teo.,
Tir an Fhia Industrial Estate Tel 091 55 1144
Lettermore Fax 091 55 1296
Co. Galway email: morenet@indigo.ie

*Margadh do bhádoirí*

Tá go leor trealamh againn atá feilliúnach do bháid beaga agus mora.
Marine Equipment for commercial and leisure boats

International Paint & Antifouling
Láinéir (Liros)/ Lanyard
Blocanna Adhmaid agus "Barton"/ Wooden Blocks
Téadracha feiste ó 8mm go dtí 40mm Séirbhis iomlan spladhsáil
Mooring Ropes from 8mm to 40mm, Shackles & Splicing
Ancairí agus pocáin/ Anchors & Buoys
Abhar le haghaidh stagh / Wire for Stays
Seacaid tarrthála/ Life Jackets
Fearais iomlan sábhála/ Safety Gear & Pyrotechnics
Eadaí Baistí / Foul Weather Gear
Caidéil Láimhe agus Leictreach / Bilge Pumps
Epirb's, VHF & Plotters
Solárthraí loinge / General ships chandlery

Má tá aon trealamh uait buail isteach chugainn nó glaoigh orainn.
Contact us for your requirements.
Go sábhála Dia an bád agus a criú

STERLING SAILS

Sterling Sails Sydenham Mews
Sidmonton Road Bray
Co. Wicklow
Phone 012863401/Mobile 0861034988
Email sterlingssails@gaelic.ie



Sterling sails have been making traditional sails since 1979 with many successful wins under our belt

Our experience of traditional cuts and fabrics places us at the fore front in the Galway Hooker class and our expertise assures you of sails of the highest quality at reasonable prices

To discuss your requirements or to get a quote contact Harry at the above address

*Sterling Sails would like to take this opportunity to congratulate all the successful students in the recent Fetec level 5 Sail making course in Cheathru Rua well done you were all a pleasure to teach and made my job a pleasure ! Go Raimh Maith agat*

Cumann Húicéirí na Gaillimhe,

An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe.
Guthán: 091 869750
http://www.galwayhookerassociation.ie

Dearadh: Mikey Ó Flatharta

Buíochas le :

Pádraic de Bhaldraithe

John Darba Ó Flatharta

Cumann Húicéirí na Gaillimhe,

An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe.
Guthán: 091 869750
http://www.galwayhookerassociation.ie